

LÍNÍOCHT THEICNIÚIL - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I

(Plánchéimseata agus Dlúthchéimseata)

DÉARDAOIN, 17 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 5.00

(200 MARC)

TREORACHA

- (a) **Ceithre** cheist a fhreagairt.
 (b) Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.
 (c) Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.
 (d) Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar an bpáipéar freagraí.
 (e) Tugtar na toisí go léir ina milliméadar ar an bpáipéar ceisteanna.
 (f) Is ceadmhach teilgean den chéad uillinn nó den triú huillinn a úsáid.
-


1. Tugtar na teilgin chothrománacha agus na teilgin cheartingearcha de dhá phlána ABC agus ADE.

A	=	190	---	90	---	5
B	=	205	---	55	---	75
C	=	155	---	10	---	15
D	=	240	---	25	---	85
E	=	140	---	40	---	35

- (a) Aimsigh an líne trasnúcháin atá idir na plánaí.
 (b) Aimsigh an uillinn dhéhéidreach atá idir na plánaí.
 (c) Taispeáin na teilgin de líne chothrománach ó D, atá 40 mm ar fad atá claonta ag 60° don líne AD.
 (d) Ar léaráid ar leith, tarraing na teilgin de na línte sceabhabha AC agus DE agus taispeáin na teilgin den achar is giorra atá eatarthu.

2. I bhFíor 1, taispeántar peinteagán neamhrialta ABCDE. San fhíor a thugtar tá an líne AE dhá uair chomh fada leis an líne DE.


- (a) Tarraing an fhíor a thugtar agus taispeáin go soiléir conas a aimsítear na pointí D, C agus E.
- (b) Ag baint úsáide as an líne DO agus ag leanúint ó O, tarraing dronlíné a roinnfidh fairsinge ABCDE ina dhá cuid chothroma.



FÍOR 1

3. I bhFíor 2 taispeántar an t-ingearchló de dhorchón C agus de sféar S, agus iad ag teagmháil le chéile. Taispeántar, freisin, suíomh pointe P ar aghaidh an chóin.

- (a) Tarraing an t-ingearchló agus an bonnchló de na dlúthóga ag teagmháil le chéile.
- (b) Taispeáin na teilgin de dhorchón eile ina sheasamh ar an bplána cothrománach sa chaoí go bhfuil sé ag teagmháil leis an mbonn de chón C ag an bpointe P agus ag teagmháil le sféar S ag pointe atá 20 mm os cionn an phlána cothrománaigh.
- (c) Tarraing na rianta de phlána tadhlaill don chón C agus don sféar S.




FÍOR 2

4. I bhFíor 3 taispeántar na teilgin de dhluthóg a dhéantár as dhorphirimid le bonn triantánach comhshleasach ina sheasamh ar phriosma triantánach comhshleasach.

Taispeántar, freisin, na teilgin de phriosma le bonn cearnógach dar sios 45 mm a thréann an dlúthóg, mar a thaispeántar.


Tarraing na teilgin de na dlúthóga ag taispeáint na línte idirthreáite go léir.



FÍOR 3

5. I bhFíor 4 rolltar an ciornal ar deiseal feadh na líne AB ar feadh leath d'imrothlú. Le linn rolladh an chiorcail, rothlaíonn an líne AB ar deiseal thart ar an bpointe A trí uillinn 60° .


Tarraing lócas an phointe P ar an gciornal don chomhghluaiseacht seo.



FÍOR 4

6. (a) Tarraing dronlíné DPF ina bhfuil DP 50 mm ar fad agus PF 35 mm ar fad. Tá F mar fhócas de pharaból áirithe, tá P mar phointe ar an gcuar agus tá D mar phointe ar an treoirlíne.
- (i) Tarraing cuid den chuar.
 - (ii) Tarraing tadhlaí don chuar a dhéanann uillinn 50° leis an ais agus taispeáin go soiléir conas a aimsítear an pointe teagmhála.
- (b) Tá imlíne traintán áirithe TPF 225 mm ar fad. Tá TP 95 mm ar fad agus tá an uillinn TFP = 90° . Tá F mar cheann de na pointí fócasacha d'élips áirithe le mór-ais 145 mm ar fad. Tá TP mar thadhlaí don chuar agus is é P an pointe teagmhála. Tarraing an t-élips.
7. Tá slios-bhoinn 45 mm agus airde 90 mm ag dronphirimid heicseagánach rialta agus tá sí ina luí ar cheann de na dromchlai triantánacha ar an bplána cothrománach mar a thaispeántar i bhFíor 5. Gearrtar an phirimid le fiarphlána mar a thaispeántar. Tá an dromchla gearrtha claonta ag 60° don phlána cothrománach.

Tarraing na teilgin den phirimid nuair a ghearrtar í leis an bplána seo.



FÍOR 5